Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt
Department of Culture, Communications and Sport

Shared Island Initiative



# Sláinte agus Folláine Ildánach sa *Phobal*

**Gairm Deontais na nÚdarás Áitiúil**

**2026–2028**

# Achoimre

| | Tráthchlár | Maoiniú |
|---|---|---|
| Snáithe A<br>**Comhoibriú Éire Ildánach agus Éire na Sláinte** | **lár 2026 go deireadh 2027**<br>• Maoiniú Éire Ildánach in 2026-27 le haghaidh comhpháirtíochtaí de dhá Údarás Áitiúil ar a laghad ((atá ag teacht leis an Údarás Sláinte Réigiúnach[1]) chun tionscadail Ealaíon agus Sláinte a sheachadadh sa phobal agus i suíomhanna pobail agus ospidéil FSS<br>• Is iad na hÚdaráis Áitiúla na príomhiarratasóirí. Ba chóir dóibh oibriú le heagraíochtaí ealaíon, cultúrtha nó cruthaitheacha áitiúla nó náisiúnta chun na tionscadail sin a chur i gcrích<br>• Ba cheart d'fhoirne Éire Ildánach agus Éire na Sláinte in Údaráis Áitiúla tionscadail a fhorbairt agus a sheachadadh, agus iad ag obair le comhpháirtithe cultúrtha agus cruthaitheacha, agus (nuair is cuí), i gcomhar le hOifigigh ábhartha um Chur Chun Cinn agus Feabhsú Sláinte FSS, Oifigigh Forbartha Pobail Shláintiúla Sláintecare agus oifigigh, foirne nó líonraí ábhartha eile e.g. Aoisbhá Éireann | Maoiniú €756,000 le huasmhéid de **€70,000** in aghaidh an tionscadail<br><br>*Tá sé i gceist leibhéal den chineál céanna maoinithe a chur ar fáil in 2027 ag brath ar infhaighteacht bhuiséadach |
| Snáithe B<br>**Oileán Comhroinnte** | **Lár 2026 go Deireadh 2028**<br>• Is iad Údaráis Áitiúla in Éirinn na príomhiarratasóirí<br>• Tionscadail Ealaíon agus Sláinte a bhfuil bonn soiléir Thuaidh/Theas nó Thoir/Thiar acu, atá ag teacht le cuspóirí thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte. Ba cheart go gcumasódh na tionscadail rannpháirtíocht ardchaighdeáin, phearsanta, idir daoine as Éirinn agus ó Thuaisceart Éireann nó ón Ríocht Aontaithe i gcoitinne, agus comhpháirtí tionscadail amháin ar a laghad lonnaithe i ngach ceann de na dlínsí ábhartha | Maoiniú €250,000 le huasmhéid de **€90,000** in aghaidh an tionscadail |

1. https://assets.hse.ie/media/documents/Introducing_HSE Health_Regions.pdf



Living Artfully. Carlow and Kilkenny County Councils. © *Michael O'Rourke Photography 2024.*



# Cé atá ag eagrú na gairme deontais seo?

## Is clár cultúir agus folláine uile-rialtais é Clár Éire Ildánach atá lonnaithe sa Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus tá sé d'uaillmhian aige daoine, áiteanna agus pobail a spreagadh agus a athrú ó bhonn trí chruthaitheacht.

Táimid tiomanta don fhís gur cheart go mbeadh deis ag gach uile dhuine teacht in inmhe go hiomlán ó thaobh cruthaitheachta de.

Is iad seo a leanas na spriocanna straitéiseacha atá againn:

- Pobal cleachtais agus rannpháirtíochta a bhunú
- Tuiscint ar luach na cruthaitheachta a chur chun cinn
- Tionchar a thomhas agus fianaise a fhorbairt
- Cruthaitheacht a leabú i mbeartas poiblí

Tá cúig phríomhghné leis an gclár:

1. Óige Ildánach
2. Pobail Ildánacha
3. Sláinte agus Folláine Ildánach
4. Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide
5. Tionscail Ildánacha

Léiríodh trí thaighde idirnáisiúnta go bhfuil tionchar dearfach suntasach ag rannpháirtíocht i gcruthaitheacht agus i ngníomhaíochtaí cultúrtha ar thorthaí sláinte agus folláine an daonra. Tá dea-thionchar soiléir ag tionscadail chruthaitheacha agus chultúrtha ar shláinte agus ar fholláine. Sin é an fáth a bhfuil Éire Ildánach ag obair leis an Roinn Sláinte (Éire na Sláinte), le FSS agus leis an gComhairle Ealaíon, chun an Plean Gníomhaíochta Straitéiseach do na hEalaíona Cruthaitheacha agus don tSláinte a chur i bhfeidhm trí thionscadail a mhaoiniú a thacaíonn le straitéisí sláinte ábhartha agus a chumasaíonn cur chun feidhme na straitéisí sláinte ábhartha ar nós:

- Creat Éire na Sláinte
- Conairí na Folláine: An Plean Náisiúnta um Chur Chun Cinn na Meabhairshláinte
- Níos Láidre le Chéile: Plean Cur Chun Cinn Meabhairshláinte FSS 2022-27
- An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Shláinte an Lucht Siúil 2022-27
- An Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-30*

**Bí ar an eolas, ní liosta uileghabhálach é seo.*

Weaving Worlds Together. Kerry County Council. *Photo: Rebecca Killen.*

# Cad é Éire na Sláinte?

Is é Éire na Sláinte an Creat Náisiúnta Gníomhaíochta chun feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine gach duine atá ina gcónaí in Éirinn. Is tionscnamh uilerialtais é freisin a bhfuil sé mar aidhm aige sochaí Éireannach a chruthú inar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as dea-shláinte fhisiciúil agus mheabhrach, agus ina bhfuil meas agus tacaíocht á tabhairt ar fholláine ag gach leibhéal den tsochaí.

Tá sé mar aidhm ag creat Éire na Sláinte tír a chruthú ina bhfuil sláinte agus folláine ar chlár oibre gach duine ar bhealach bríoch trí:

- Fócas comhbheartaithe a chur ar fholláine ar feadh an tsaoil agus ar thinneas a chosc
- Éagothroime sláinte a laghdú
- Aghaidh a thabhairt ar na suíomhanna a mbíonn tionchar acu ar shláinte agus ar fholláine
- Béim a chur ar an ngá atá le daoine agus le pobail a chumhachtú chun aire níos fearr a thabhairt dá sláinte agus dá bhfolláine féin

Aithníonn Éire na Sláinte go mbaineann an tsláinte leis an gcaoi a maireann daoine laistigh de shuíomhanna a saoil laethúil. Agus cur chuige bunaithe ar shuíomhanna in úsáid maidir le cur chun cinn na sláinte, uasmhéadaítear cosc ar ghalair trí chur chuige córais iomlána, agus ar an gcaoi sin tugtar aghaidh ar chinntithigh níos leithne na sláinte. Cumasaíonn an cur chuige sin tacaíocht a thabhairt do chohórt a bhfuil éagothroime sláinte acu agus tugann sé aghaidh ar na dúshláin a bhaineann go sonrach leo.

Sin é an fáth ar cruthaíodh comhpháirtíocht idir Éire na Sláinte agus Éire Ildánach chun cabhrú leis an acmhainneacht a bhaineann le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chruthaitheach agus chultúrtha a bhaint amach mar iompar sláinte dearfach.

Mar chuid d'Éire na Sláinte, seoladh plean náisiúnta trasrialtais um chur chun cinn na meabhairshláinte, Conairí na Folláine, in 2024. Leagtar amach sa phlean sin gníomhartha comhordaithe ar fud an rialtais chun meabhairshláinte agus folláine a fheabhsú do chách, ag comhcheangal tacaíochtaí uilíocha le hidirghabhálacha spriocdhírithe dóibh siúd is mó atá i mbaol. Uaillmhian lárnach sa phlean seo is ea ról na n-ealaíon agus na cruthaitheachta a mhéadú mar uirlisí cumhachtacha chun meabhairshláinte agus folláine a chur chun cinn, agus aitheantas a thabhairt dá gcumas uathúil chun nasc, léiriú agus teacht aniar a chothú i bpobail éagsúla.

Sampla amháin de sin is ea leathnú an Oideasaithe Shóisialta, a nascann daoine le tacaíochtaí neamhchliniciúla ina bpobal - lena n-áirítear na healaíona, an cultúr, an dúlra agus gníomhaíocht fhisiciúil.



Did I Ever Tell You. Kildare, Offaly and Westmeath County Councils. *Photo: Julie Spollen.*

Laistigh de phlean Chonairí na Folláine, aithnítear oideasú sóisialta mar phríomhthionscnamh a thacaíonn le meabhairshláinte an daonra trí dhul i ngleic le cinntithigh shóisialta, aonrú a laghdú, agus cur ar chumas daoine páirt a ghlacadh in eispéiris fhiúntacha, chruthaitheacha a fheabhsaíonn folláine.

## Cad atá á lorg againn?

- Ba cheart tionscadail Shnáithe A a dhearadh ionas go mbeidh siad ar siúl go dtí deireadh 2027.
- Beidh Snáithe B ar siúl go dtí deireadh 2028 ar a dhéanaí.

## Comhthéacs an Bheartais

Táimid ag lorg tograí do thionscadail ealaín cruthaitheach agus sláinte a bhfuil na nithe seo i gceist leo:

— Tacú le cuspóirí Phlean Gníomhaíochta Straitéiseach na nEalaíon Ildánaí agus na Sláinte, Creat Éire na Sláinte, agus mórstraitéis nó plean sláinte amháin ar a laghad (féach an liosta ar lch.2 le haghaidh samplaí, ní liosta uileghabhálach é). I dtaca le tograí maidir le hOileán Comhroinnte, ba cheart straitéisí nó pleananna ábhartha Thuaisceart Éireann nó Uile-Oileáin a shainaithint freisin.

— Nuair is féidir, ba cheart leas a bhaint as Seirbhísí Oideasaithe Sóisialta na hÉireann chun tacú le rochtain agus le rannpháirtíocht. Is féidir rochtain a fháil ar shonraí teagmhála oideasóirí sóisialta arna maoiniú ag FSS ag an nasc seo: https://www.allirelandsocialprescribing.ie/service-list-by-county

— Rannchuidiú le ceann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas:
  - croíchinntithigh na sláinte
  - ról ríthábhachtach a imirt i gcur chun cinn agus i bhfeabhsú na sláinte
  - tacú le meabhairshláinte dhearfach, go háirithe do ghrúpaí ar deacair iad a shroicheadh mar shampla fir scothaosta
  - dul in aois dearfach a chur chun cinn
  - sochaí chuimsitheach a fhorbairt ina dtuigtear agus ina dtacaítear le gach míchumas
  - galar ainsealach a chosc agus a bhainistiú
  - tacú le cúram deireadh saoil agus cúram méala d'othair agus dá dteaghlaigh

Creative Cafés. Monaghan County Council. *Photo: Unknown.*



## Cúrsaí Rialachais

- Meastóir leabaithe a bheith mar chuid d'fhoireann an tionscadail
- Tacaíocht a fháil ó Údarás Sláinte Réigiúnach ábhartha FSS agus doiciméad litreach tacaíochta a bheith sínithe ag bainisteoir sinsearach

## Tionscadail Chómhaoinithe

Cuirimid fáilte roimh thionscadail chómhaoinithe – trí chistí poiblí eile, daonchairdeas nó ranníocaíocht ón earnáil phríobháideach. Má tá tú ag fanacht ar chistí ó fhoinse mhalartach, tabhair breac-chuntas air sin i d'iarratas agus cuir san áireamh an tréimhse ama a bhfuiltear ag súil go gcuirfear an toradh in iúl duit, mar go bhféadfadh sé sin tionchar a bheith aige ar achar an tionscadail agus ar riachtanais an bhuiséid.



# Cad é Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte?

Tá an snáithe Oileán Comhroinnte seo den ghlao seo á maoiniú faoi thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte. Tá sé d'aidhm ag tionscnamh Oileán Comhroinnte an Rialtais leas a bhaint as cumas iomlán Chomhaontú Aoine an Chéasta chun comhoibriú, caidreamh agus comhthuiscint a fheabhsú ar an oileán agus dul i mbun rannpháirtíochta le gach pobal agus traidisiún le teacht ar chomhaontú maidir le todhchaí chomhroinnte.

Is iad seo a leanas cuspóirí thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte/Éire Ildánach:

1. Daoine a cheangal lena chéile agus pobail a cheangal lena chéile. Cultúr agus cruthaitheacht a úsáid - go nuálach agus go comhoibríoch - mar straitéis maidir le folláine, nasc sóisialta, nó forbairt eacnamaíoch áitiúil;
2. Cur ar chumas pobail, a bhíonn ag obair le healaíontóirí agus leis na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha i gcoitinne, taithí a fháil ar an gcruthaitheacht trí lionsa a gcomhghleacaithe, agus soghluaisteacht daoine ar fud an oileáin a chinntiú;
3. Tuiscint phobail agus shibhialta níos leithne a fheabhsú ar luach an chomhaontaithe i measc pobail i dtodhchaí chomhroinnte, trí lionsa na rannpháirtíochta cultúrtha agus cruthaithí;
4. A chinntiú go ndéantar tionscnaimh a phleanáil go comhoibríoch ar bhonn oileán comhroinnte, chun oidhreacht inláimhsithe agus inbhuanaithe a chinntiú amach anseo.



# Éachtaí roimhe seo – Sláinte agus Folláine Ildánach sa Phobal 2024-2025

Seoladh an chéad Scéim um Shláinte agus Folláine Ildánach sa Phobal i mí Feabhra 2024 chun tacú le comhoibriú idir foirne Éire Ildánach agus Éire na Sláinte sna hÚdaráis Áitiúla agus a gcomhpháirtithe i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tugadh tacaíocht do chúig thionscadal déag thar dhá bhliain le maoiniú iomlán de €1,021,493. Ba thionscadail faoi stiúir na nÚdarás Áitiúil iad na tionscadail sin a bhí ag teacht le hÚdaráis Sláinte Réigiúnacha nua FSS. Comhoibrithe idir Údaráis Áitiúla agus páirtithe leasmhara i dTuaisceart Éireann a bhí i gceithre cinn de na tionscadail sin faoi Thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte.

Léirigh na tionscadail, a cuireadh i bhfeidhm thar dhá bhliain, bealaí nuálacha agus freagrúla chun rannpháirtíocht an duine aonair agus an phobail i ngníomhaíocht chruthaitheach agus chultúrtha a chumasú. Fuarthas amach ó réamhthorthaí athbhreithnithe coimisiúnaithe Éire Ildánach ar Shnáithe A agus ar Shnáithe B de scéim 2024/25 gur chuir na tionscadail sin foghlaim thar a bheith luachmhar ar fáil maidir le conas a d'fhéadfaimis na healaíona agus an tsláinte a leabú inár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta – idir chur chun cinn na sláinte, bhainistíocht galar agus ghéarchúram – ar bhealaí atá inbhuanaithe.

# An comhthéacs straitéiseach

Bunaithe ar an mbonn gur iompar sláinte dearfach é rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chruthaitheach agus chultúrtha, foilsíodh an chéad Phlean Gníomhaíochta Straitéiseach do na hEalaíona agus don tSláinte Ildánach i mí an Mheithimh 2025 mar chomhpháirtíocht bheartais idir an Roinn Cumarsáide, Cultúir agus Spóirt (RCCS), (trína Clár Éire Ildánach) agus an Roinn Sláinte (trína Clár Éire na Sláinte), leis an bhfís:

> *Go mbeadh rochtain ag daoine atá ina gcónaí in Éirinn ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúir mar chuid de thuras sláinte iomlánaíoch ar feadh an tsaoil, chun go mbeidh torthaí sláinte agus folláine níos fearr acu agus leis an tírdhreach cruthaitheach agus ealaíona a shaibhriú.*

Tá an Plean á chur i bhfeidhm ag Grúpa Oibre Náisiúnta na nEalaíon agus na Sláinte Ildánaí, ar comhpháirtíocht é idir Éire Ildánach, an Roinn Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Chomhairle Ealaíon.

Chabhraigh na chéad tionscadail freisin le bonn eolais a chur faoi ionchur na hÉireann i dtuarascáil an AE Cultúr & Sláinte: Tá sé in am Gníomhú, a foilsíodh ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2025 leis an bhfís:

> *Go mbeidh rochtain ag daoine atá ina gcónaí san Eoraip ar rannpháirtíocht chultúrtha agus chruthaitheach mar chuid de thuras sláinte comhtháite agus iomlánaíoch ar feadh an tsaoil, ag tacú le torthaí sláinte agus folláine níos fearr agus caighdeán beatha níos fearr do chách.*

# Cad atá i gceist le cruthaitheacht?

Tá inniúlacht atá sa duine ó nádúr i gceist leis an gcruthaitheacht chomh maith le scileanna a fhoghlaimítear. Tá d'acmhainn san uile dhuine caidreamh agus cur in iúl a dhéanamh ar leibhéal na cruthaitheachta; agus is iomlánú pearsanta ar an duine sin é an cleachtadh. Nuair a labhraímid faoi chruthaitheacht i gcomhthéacs sláinte agus folláine, táimid ag fiosrú cumas daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus noirm a nglactar leo a shárú agus, trí tharraingt ar an tsamhlaíocht, smaointe nua a chruthú a thugann luach breise do ghníomhaíocht dhaonna.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i measc na réimsí gníomhaíochta ábhartha, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Beochan
- Ailtireacht
- Réaltacht mhéadaithe agus fhíorúil
- Sorcas
- Códú
- Teicneolaíocht Dhigiteach Chruthaitheach
- Scríbhneoireacht chruthaitheach
- Greann
- Oidhreacht chultúrtha
- Damhsa (gach seánra)
- Dearadh (gach disciplín)
- Cluichí digiteacha
- Faisean
- Scannánaíocht
- Litríocht
- Na healaíona ildisciplíneacha
- Múrphictiúir
- Ceol (gach seánra)
- Podchraoladh
- Ealaín Sráide & Seónna
- Scéalaíocht
- Amharclannaíocht
- Na healaíona traidisiúnta
- Amharcealaíona

Is féidir le tionscadail réimse disciplíní/foirmeacha ealaíne cruthaitheacha éagsúla a úsáid le linn a saolré.

# Cé ar féidir leo iarratas a dhéanamh?

Is féidir le hÚdaráis Áitiúla iarratas a dhéanamh ar an dá Shnáithe.

**Snáithe A – Comhoibrithe Éire Ildánach/Éire na Sláinte**

- Iarratas atá beartaithe agus faoi stiúir comhpháirtíochta idir Údaráis Áitiúla atá ag teacht le Réigiúin Sláinte nua an FSS le dhá Údarás Áitiúil ar a laghad i ngach comhpháirtíocht (féach Aguisín I), seachas i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, áit a bhfuil na hÚdaráis Áitiúla níos mó ná mar atá siad i limistéir eile. Níor cheart go gclúdódh Moltaí idir dhá Údarás Áitiúil dhá Réigiún FSS ná níos mó. Ní mór Údarás Áitiúil amháin a shainaithint mar phríomhpháirtí, agus is féidir le hÚdaráis Áitiúla a bheith ina gcomhpháirtí i níos mó ná tionscadal amháin.
- Beidh an tionscadal le forbairt agus le seachadadh ag foirne Éire Ildánach agus Éire na Sláinte sna hÚdaráis Áitiúla seo, agus iad ag obair le heagraíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha, agus (nuair is cuí), i gcomhar le hOifigigh Sláinte agus Folláine ábhartha, le hOifigeach Forbartha Pobail Shláintiúla Sláintecare agus le hoifigigh, foirne nó líonraí ábhartha eile e.g. Aoisbhá Éireann. **Moltar go láidir comhpháirtíochtaí a fhorbairt le heagraíochtaí ealaíon áitiúla nó náisiúnta.**
- Ba cheart d'údaráis áitiúla oibriú le heagraíochtaí náisiúnta cultúrtha agus cruthaitheacha chun na tionscadail sin a chur i gcrích
- Is féidir na tionscadail sin a thosú i lár 2026 agus mairfidh siad go dtí deireadh 2027.

**Snáithe B – Oileán Comhroinnte**

- Is féidir le hÚdarás Áitiúil i bPoblacht na hÉireann iarratais a dhéanamh ar thionscadal cruthaitheach a sheachadadh i gcomhar le heagraíocht (nó eagraíochtaí) atá lonnaithe i dTuaisceart Éireann.
- Ba chóir dóibh oibriú le heagraíochtaí ealaíon, cultúrtha nó cruthaitheacha áitiúla nó náisiúnta chun na tionscadail sin a chur i gcrích
- Ba cheart go mbeadh foirne Éire Ildánach agus Éire na Sláinte sna hÚdaráis Áitiúla sin páirteach sa tionscadal, agus iad ag obair (nuair is cuí), i gcomhar le hOifigigh Sláinte agus Folláine ábhartha FSS, Oifigeach Forbartha Pobail Shláintiúla Sláintecare agus oifigigh, foirne nó líonraí ábhartha eile e.g., Aoisbhá Éireann agus comhghleacaithe ábhartha i dTuaisceart Éireann
- Caithfidh baint a bheith ag an tionscadal le cuspóirí thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte, agus ní mór go mbeadh bonn soiléir Thuaidh/Theas nó Thoir/Thiar aige. Ní mór do thionscadail rannpháirtíocht chruthaitheach ardchaighdeáin a chumasú idir daoine ó na dlínsí ábhartha, agus comhpháirtí tionscadail amháin ar a laghad lonnaithe i ngach dlínse ábhartha.
- Ag aithint go bhféadfadh teagmháil agus rannpháirtíocht am a thógáil chun caidreamh a fhorbairt agus achair gheografacha a shárú, is féidir leis na tionscadail seo tosú i lár 2026 agus leanúint ar aghaidh go dtí deireadh 2028.

# Maoiniú

**Snáithe A**

- Beidh maoiniú suas le €70,000 in aghaidh an tionscadail ar fáil in 2026
- Tá sé i gceist leibhéal den chineál céanna maoinithe a chur ar fáil in 2027 ag brath ar infhaighteacht bhuiséadach

**Snáithe B – Oileán Comhroinnte**

- Beidh maoiniú suas le €90,000 in aghaidh an tionscadail ar fáil in 2026
- Tá sé i gceist leibhéal den chineál céanna maoinithe a chur ar fáil in 2027 ag brath ar infhaighteacht bhuiséadach
- Aithnímid go mbeidh costais bhreise i gceist le tionscadail an Oileáin Chomhroinnte d'fhoirne tionscadail agus do rannpháirtithe an tionscadail chun taisteal agus fanacht thar oíche mar chuid den tionscadal. Caithfear buiséadú a dhéanamh air sin ag céim an iarratais.



Taipéis. Westmeath and Longford County Councils. *Photo: Unknown.*

# Cúrsaí Buiséid

Déantar Clár Éire Ildánach a riar tríd an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Ní mór do riarachán an deontais cloí le Ciorclán 13/2014 - Bainistiú agus Cuntasacht i leith Deontais ó Chistí an Státchiste. Ba chóir do dheontaithe an ciorclán seo a léamh agus eolas a chur air sula dtosóidh siad.
Agus buiséad an tionscadail á chruthú agat, déan cinnte go bhfuil táillí aonair agus buiséid tionscadail pléite agat le comhpháirtithe. Táimid ag súil go n-aontóidh gach ball d'Fhoirne Tionscadail ar an mbuiséad sula leithdháilfear maoiniú ó Éire Ildánach.

Moltar na nithe seo a leanas a thabhairt san áireamh:

- Bainistíocht Tionscadail — Ba cheart gur leor an táille seo chun costas ama baill foirne riaracháin a ghlanadh (mar shampla, am a chaitear le bainistíocht tionscadail agus/nó riarachán airgeadais), chomh maith le haon leithroinnt i ndáil le barrchostais nó costas réasúnta eile atá riachtanach maidir leis an tionscadal a chur i gcrích.
- Luach saothair — Tá buiséad atá trédhearcach agus iomaíoch á lorg againn a íocann daoine aonair agus eagraíochtaí as a gcuid ama i gceart. Ba cheart go mbeadh na táillí d'ealaíontóirí ag teacht le treoirlínte aitheanta tionscail (féach ar an bhfaisnéis ón gComhairle Ealaíon maidir le luach saothair agus conraitheoireacht d'ealaíontóirí)
- Ábhar — Tá suim againn tacú le réitigh ísealcharbóin agus le cleachtas atá neamhdhíobhálach don timpeallacht agus an tionscadal á phleanáil agus á sheachadadh, chomh maith le do roghanna comhpháirtithe agus soláthróirí.
- Mar gheall ar an bhfoghlaim thábhachtach a thiocfaidh chun cinn ó na tionscadail seo, aithnímid go mbeidh costas ag baint le meastóireacht agus le tuairisciú tionscadail agus dá bhrí sin is féidir iad a chur san áireamh.
- Is costais incháilithe iad costais chumarsáide agus rannpháirtíochta agus ba cheart go mbeadh siad mar chuid de bhuiséad an mhaoinithe seo.

**D'fhéadfadh na costais eile seo a bheith i gceist:**

- Costais chun comhordaitheoir tionscadail a cheapadh a bhfuil taithí aige ar bhainistíocht tionscadail
- Costais chun imeachtaí pobail trasteorann a thionól – e.g. taisteal agus lóistín
- Costais doiciméadúcháin
- Líonrú agus/nó taispeáint tionscnamh ar bronnadh maoiniú orthu

**Costais Neamh-Incháilithe**

Tabhair faoi deara go n-áirítear an méid seo a leanas le caiteachas neamh-incháilithe:

- Costais nach mbaineann go díreach leis an tionscadal
- Costais shiarghabhálacha, m.sh., caiteachas a tharla roimh dháta ceadaithe an tionscadail
- Iarratais chaipitiúla ar mhaithe le feabhsúcháin tógála ar spásanna agus ar ionaid oibre
- Comhdhálacha aonair

# Conas Iarratas a dhéanamh ar líne

— Is féidir iarratais a dhéanamh tríd an bhfoirm iarratais ar líne a chomhlánú ag submit.com tráth nach déanaí ná 1pm, Dé hAoine 27 Feabhra 2026.

— Déanfar na sonraí pearsanta go léir a chuireann tú chugainn mar chuid den phróiseas iarratais, a phróiseáil de réir Pholasaí Phríobháideachais na Roinne.

— TABHAIR AR AIRD: Ní chuirfear an méid seo thíos san áireamh:

- Iarratais a fuarthas tar éis an spriocdháta thuas
- Iarratas a chuirtear isteach tríd an bpost, trí ríomhphost, de láimh nó le cúiréir
- Iarratais a bhfuil stádas 'dréacht' orthu ar an dáta agus am deiridh

**Úsáid a bhaint as an tairseach iarratais:**

— Cuirfear soiléirithe agus faisnéis bhreise ar fáil ar an tairseach iarratais.

— Agus í á comhlánú, is féidir d'fhoirm iarratais a shábháil mar dhréacht ar an tairseach ar líne agus teacht ar ais chuici níos déanaí.

— Más gá duit imeacht ó do leathanach reatha, déan cinnte go bhfuil an dul chun cinn sábháilte agat.

— Nuair a chuirfear isteach é, gheobhaidh tú ríomhphost ag cur in iúl go bhfuil d'iarratas faighte.

# Dátaí tábhachtacha

| Tréimhse | Mionsonraí | Dáta |
|---|---|---|
| **Osclófar an Ciste le haghaidh Iarratais** | Beidh an tairseach d'iarratais ar líne oscailte le haghaidh aighneachtaí. | 1st Nollaig |
| **Seisiún Líonraithe Pearsanta** | Reáchtálfar dhá sheisiún líonraithe pearsanta (Béal Feirste Dé Céadaoin an 14 Eanáir ag an MAC agus i mBaile Átha Cliath Déardaoin an 22 Eanáir in Óstán Ríoga Radisson Blu) chun forléargas a thabhairt ar an maoiniú atá ar fáil. Tabharfaidh sé sin deis d'iarratasóirí ionchasacha comhpháirtíochta tionscadail ceisteanna a chur. Tuilleadh sonraí ar fáil trí chlárú (nasc gréasáin)<br><br>Béal Feirste:<br>Seisiún eolais maidir le deontais Éire Ildánach<br><br>Baile Átha Cliath<br>Seisiún eolais maidir le deontais Éire Ildánach | Béal Feirste: Dé Céadaoin an 14 Eanáir 2026, The MAC<br>Baile Átha Cliath: Déardaoin an 22 Eanáir 2026, Óstán Ríoga Radisson Blu |
| **Dáta Deiridh Iarratais don Chiste** | Ní bhreithneofar ach iarratais a fhaightear roimh 1.00pm ar an dáta seo. | Deireadh Feabhra |
| **Meastóireacht ar Iarratais** | Déanfaidh an painéal meastóireachta, lena n-áirítear ionadaithe ó Chlár Éire Ildánach agus ó Aonad an Oileáin Chomhroinnte, mar aon le saineolaithe neamhspleácha, meastóireacht ar iarratais de réir na gcritéar thuas. | Márta 2026 |
| **Iarratasóirí a chur ar an eolas** | Cuirtear toradh a n-iarratas in iúl do gach iarratasóir. | Aibreán 2026 |

# Critéir maidir le meastóireacht a dhéanamh ar iarratais

| Criterion | Marks Available |
|---|---|
| Cáilíocht an togra i dtéarmaí cuspóirí an chláir a bhaint amach trí úsáid na rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí cruthaitheachta agus cultúrtha chun tacú le Sláinte agus Folláine a chur chun cinn go soiléir | 25 |
| Cruthaitheacht an Togra | 20 |
| Taithí agus saineolas na foirne | 25 |
| Féidearthachtaí le haghaidh scálaithe agus macasamhlaithe | 30 |
| **Iomlán** | **100** |


Breithneofar sa phróiseas meastóireachta freisin an riachtanas maidir le dáileadh réigiúnach cothrom na dtionscadal

Ba chóir ceisteanna a sheoladh chuig creativeireland@ccs.gov.ie Bheimis buíoch dá bhféadfá 'Sláinte agus Folláine Ildánach sa Phobal' a chur i dteideal ábhair an ríomhphoist ionas gur féidir linn do cheist a dhíriú.



# Aguisín 1

## Léarscáil Údarás Réigiúnacha an FSS



Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt
Department of Culture, Communications and Sport

Shared Island Initiative

**Clár Éire Ildánach**
An Roinn Cultúir, Cumarsáide
agus Spóirt
—
Lána Líosain,
Baile Átha Cliath 2.
D02 R5Y3
—
**@CreativeIrl**
**creative-ireland**
**@creativeireland**
—
creativeireland@ccs.gov.ie
**creativeireland@ccs.gov.ie**

**#SharedIsland**

**Cover Image:**
Exploring Grief and Loss: Healing Through Art. Cork City Council. *Photo: Unknown*